# ★ Bí Sábháilte ar an bhFeirm! ★

- Nuair a thagann tú abhaile ón scoil, bí thar a bheith cúramach ar an bhfeirm.
- Bí ag súgradh in áit shábháilte i gcónaí – ní áit súgartha é clós feirme.
- Má fheiceann tú rud éigin neamhshábháilte, mar shampla, geata atá ar oscailt isteach i bpáirc ina bhfuil ainmhithe, inis do dhuine fásta faoi.

© An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

HSA
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

# ★ Innealra agus Tarracóirí ★

- Fan amach ó innealra feirme, go háirithe ar laethanta gnóthacha.
- Coinnigh súil in airde le trucailí seachadta nó feithiclí eile amhail lorraithe bainne a thagann isteach sa chlós feirme. Fan achar sábháilte amach uathu agus ná glac le síob ar leantóir oscailte riamh. Is iomaí páiste a gortaíodh ar fheithicil.
- Bí ag súgradh in áit shlán i gcónaí.

! Cuimhnigh nach bhfuil cead ag páistí faoi bhun 14 bliana tarracóirí, cuadrothair ná meaisíní comhchosúla a oibriú.

© An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

HSA
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

# ⋆Ainmhithe Feirme⋆

Coinnigh súil in airde le hainmhithe feirme. Cuimhnigh nach peataíiad. Fan taobh thiar den chlaí nó den gheata!

D'fhéadfadh tairbh, staileanna, reithí, carrianna agus ainmhithe baineanna a bhfuil ál nuabheirthe acu a bheith dainséarach.

D'fhéadfaidís tú a chiceáil nó rud níos measa ná sin fiú. Fan amach uathu!

© An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

HSA
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

# Arda

- Ná bí ag dreapadh ar bhurlaí féir thirim riamh. D'fhéadfaidís titim anuas ort nó d'fhéadfá dul i bhfostú eatarthu.

- Má fheiceann tú dréimire, ná bí á dhreapadh. D'fhéadfá titim nó d'fhéadfadh an dréimire sleamhnú. Ba cheart dréimirí a stóráil go sábháilte nuair nach mbíonn siad á n-úsáid.

© An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

# ★ Sciodar agus Uisce★

- Tá gás sciodair dainséarach. Cuimhnigh nach féidir é a bholú ná a fheiceáil. Fan amach ó dhúnphoill nó ó áit ar bith ina bhféadfadh sciodar a bheith.
- Fan amach ó bhairillí nó ó áit ar bith ina bhfuil uisce. D'fhéadfadh páistí a bheith báite go héasca in uisce dainséarach.
- Coinnigh súil in airde le comharthaí rabhaidh. Má fheiceann tú ceann acu, fágann sé sin go gcaithfidh tú fanacht amach uaidh.

© An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

Ach an rud is tábhachtaí ná go mbaineann tú taitneamh as an saol ar an bhfeirm!

Imir go sábháilte agus bí sábháilte ar an bhfeirm.

© An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

# Eolas Breise do Scoileanna

Féach ar na gearrthóga físeáin faoi shábháilteacht feirme do pháistí a rinne Róisín, Nicole, Kieran, Emily, agus Adam www.hsa.ie/education

Críochnaigh an cúrsa ríomhfhoghlama dar teideal **'Bí Sábháilte ar an bhFeirm'**, rud ar cúrsa 40 nóiméad ar líne don chlár bán é. Is féidir teastas gnóthachtála a íoslódáil don rang nuair a bheidh sé críochnaithe. **Aimsigh na cúrsaí ar** https://hsalearning.ie




## Torthaí foghlama:

- Méadaigh feasacht na bpáistí ar ghuaiseacha ar an bhfeirm.
- Spreag plé leis na páistí faoi ghuaiseacha ar an bhfeirm.
- Múin straitéisí do na páistí chun go mbeidh siad airdeallach ar ghuaiseacha ar an bhfeirm.




© An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

HSA
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority